Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0066(COD)

9305/23
ADD 3

JAI 630
FREMP 147
COHOM 111
COPEN 158
EDUC 164
MIGR 168
SOC 321
ANTIDISCRIM 49
GENDER 51
JEUN 89
CODEC 886

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac<br>– Cur chuige ginearálta<br>– Ráiteas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn an ráiteas a chuir an Bhulgáir isteach.

**Ráiteas**

**ó Phoblacht na Bulgáire i ndáil leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (cur chuige ginearálta).**

Is mór an tábhacht, dar le Poblacht na Bulgáire, a bhaineann le cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint, agus is cuid thábhachtach de sin é an comhionannas idir mná agus fir. Táimid tiomanta do phrionsabail agus do luachanna an Aontais Eorpaigh, mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, agus leanfaimid de bheith tiomanta dóibh.

Tá Poblacht na Bulgáire fíorthiomanta do chomhrac an fhoréigin teaghlaigh agus an fhoréigin in aghaidh na mban. Tá rialtas agus sochaí shibhialta na Bulgáire ag obair go gníomhach chun na cineálacha sin foréigin a chosc agus chun tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin sin. Measaimid gur cloch mhíle thábhachtach é an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (dá ngairtear 'an Treoir' anseo feasta) maidir leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chomhrac, maidir le híospartaigh a chosaint agus maidir le ciontóirí a phionósú, a thacóidh le Ballstát an Aontais a reachtaíocht náisiúnta a chur chun cinn.

In 2018, áfach, ghlac Cúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire cinneadh ina luaitear go ndéantar, le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla a chur chun cinn lena mbeartaítear idirdhealú a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar chonstruáil shóisialta. In 2021, ghlac an Chúirt Bhunreachtúil cinneadh eile lena soiléirítear nach bhféadfaí breathnú ar an gcoincheap 'gnéas' a úsáidtear sa Bhunreacht ach amháin sa chiall a bhaineann lena chinneadh bitheolaíoch.

I bhfianaise na gcinntí thuasluaite, dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire go dtuigtear nach gcuimsítear leis an téarma 'inscne' a úsáidtear sa Treoir agus aon cheann dá téarmaí díorthacha ach an gnéas fireann agus baineann de réir na brí bitheolaíche a bhaineann leo. Dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire freisin nach nglacann sí le coincheap na hinscne agus leis an gcur chuige inscnebhunaithe, mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún Iostanbúl. Meastar nach bhfuil na coincheapa sin ag luí le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire agus leis an tuiscint dhénártha ar an ngnéas.

Ar deireadh, ní ghlacfaidh Poblacht na Bulgáire ach le haistriú an téarma 'inscne' sa Bhulgáiris mar 'пол' i dtéacs na Treorach.